AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.2.2020
COM(2020) 53 final

2020/0025 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Chomhar Custaim a bhunaítear leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach i gcúrsaí custaim a mhéid a bhaineann le glacadh rialacha nós imeachta inmheánacha an Chomhchoiste um Chomhar Custaim**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gComhchoiste an Aontais Eorpaigh-na Nua-Shéalainne um Chomhar Custaim i ndáil leis an gcinneadh atá beartaithe chun a rialacha nós imeachta a ghlacadh

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach i gcúrsaí custaim

Is é is aidhm don Chomhaontú seo idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach i gcúrsaí custaim (‘an Comhaontú’) dul chun tairbhe don trádáil dhlisteanach idir an dá pháirtí trí thimpeallacht níos sláine agus níos fabhraí i leith na trádála a chruthú mar go mbeidh na húdaráis custaim ag malartú níos mó faisnéise chun cur i bhfeidhm cuí na reachtaíochta custaim faoin gComhaontú a áirithiú. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2018.

### 2.2. An Comhchoiste um Chomhar Custaim

Is é freagracht an Chomhchoiste um Chomhar Custaim (‘CCCC’), a bhunaítear faoi Airteagal 20.1 den Chomhaontú, féachaint le feidhmiú agus cur chun feidhme cuí an chomhaontaithe a áirithiú. Chun na críche sin, féadfaidh CCCC bearta a dhéanamh agus cinntí a ghlacadh maidir le hábhair a shainmhínítear in Airteagal 20 den Chomhaontú. Le hAirteagal 20.2(e) den Chomhaontú tugtar de chumhacht do CCCC a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

### 2.3. Gníomh beartaithe an Chomhchoiste um Chomhar Custaim

Faoi réir phróiseas cinnteoireachta an Aontais, ní mór do CCCC cinneadh a ghlacadh maidir lena rialacha nós imeachta (‘an gníomh atá beartaithe’) ag an dara cruinniú atá beartaithe don chéad seachtain de mhí an Mhárta 2020.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe socruithe oibre CCCC a leagan amach ó thaobh a oibrithe de, le haghaidh chur chun feidhme an Comhaontaithe i gcomhréir le hAirteagal 20 den Chomhaontú. Tá substaint Rialacha Nós Imeachta an Choiste Chomhpháirtigh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh seo an-chosúil leis an gcinneadh a ghlac na Coistí Comhpháirteacha arna bhunú faoi chomhaontuithe comhair custaim agus trádála eile. Tá glacadh an doiciméid seo fíor-riachtanach chun feidhmiú agus cur chun feidhme rianúil an chomhaontaithe a áirithiú.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go neamhfhoirmiúil leis an Sainghrúpa Custaim – Roinn um Chúrsaí Custaim Idirnáisiúnta maidir leis an ngníomh beartaithe idir an 17 Nollaig 2019 agus an 8 Eanáir 2020. Chuir an Coimisiún na barúlacha a fuarthas san áireamh.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, déantar an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais a leagan síos in CCCC arna bhunú leis an gComhaontú maidir le glacadh rialacha nós imeachta CCCC.

Thoiligh na Páirtithe sa Chomhaontú go nglacfaí an dréacht den doiciméad in Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é CCCC a bhunaítear trí chomhaontú, is é sin an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach i gcúrsaí custaim.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 20.2(e) den Chomhaontú toisc go mbeidh tionchar ag na rialacha nós imeachta ar an mbealach a ndéantar cinntí laistigh de CCCC.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a bheartú.

### 4.2. Bunús substaintiúil dlí

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús substaintiúil dlí maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh bheartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomhchomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

[1] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 207 a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2020/0025 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Chomhar Custaim a bhunaítear leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach i gcúrsaí custaim a mhéid a bhaineann le glacadh rialacha nós imeachta inmheánacha an Chomhchoiste um Chomhar Custaim**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach i gcúrsaí custaim (‘an Comhaontú’) thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2018.

(2) De bhun Airteagal 20(2)(e) den Chomhaontú, ní mór don Chomhchoiste um Chomhar Custaim a bhunaítear le hAirteagal 20(1) den Chomhaontú na rialacha nós imeachta inmheánacha a ghlacadh.

(3) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste um Chomhar Custaim a leagan amach, ós rud é go mbeidh an cinneadh ina cheangal ar an Aontas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste um Chomhar Custaim a bhunaítear leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le comhar agus cúnamh riaracháin frithpháirteach i gcúrsaí custaim a mhéid a bhaineann le glacadh rialacha nós imeachta inmheánacha bunaithe ar dhréachtchinneadh Chomhchoiste an Aontais Eorpaigh-na Nua-Shéalainne um Chomhar Custaim atá ceangailte leis an gCinneadh seo.

[2] IO L 101, 20.4.2018, Lch. 5.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*